Mí Eanair agus tús nua

Mí nua, bliain nua agus tús nua. Is maith an rud é ag tús Mhí Eanair roinnt macnaimh a dhéanamh ar an mbliain atá ag síneadh amach romhainn. Ní fios dúinn cad atá in ndán dúinn i rith na bliana ach rud amháin atá cinnte, beidh laethanta maithe agus laethanta nach mbeidh chomh maith againn. Beidh áthas orainn agus beidh brón orainn. Beimid sásta agus beimid míshásta le cúrsaí an tsaoil. Is gnách linn rúin na bliana a roghnú i Mí Eanair. Comhlíonfar cuid dár rúin ach faraoir ní éireoidh linn roinnt eile a chur i gcrích. Inniu táimid ag ceiliúradh Sollúntacht Eipeafáinne an Tiarna. Tugtar Lá Nollag Beag nó Nollaig na mBan ar an bhféile seo chomh maith.Tháinig na saoithe ón Oirthear chun ómós a thabhairt do Mhac Dé. Foilsíodh an Slánaitheoir i bpearsana na saoithe a fuair treoir ó réalta go Beithil. Bhí a fhios acu gur rugadh Rí nua agus go raibh urraim ar leith ag dul dó. Shléacht siad go talamh roimhe agus bhronn siad tabhartais an-luachmhar air idir ór, túis agus miorr. Thaispeáin siad gur thuig siad gur pearsa dhaonna, pearsa dhiaga agus rí a bhí ann. Cuireann an fhéile seo críoch le séasúr na Nollag. Lán de dhóchas tabharfaimid aghaidh ar an mbliain nua agus guimid gach sonas, síocháin, rath agus áthas ar a chéile sa bhaile agus i gcéin agus go mbeirimid beo ar an am seo arís.

Gluais:	Glossary:
Eanair	January
ag síneadh	stretching
in ndán	in store
cinnte	certain
rúin	resolutions
saoithe	wise men
oirthear	east
tabhartais	gifts

PEIG.ie beo

Tá ardán nua ilmheán cruthaithe ag Conradh na Gaeilge chun nuacht, eolas, fógraí, scéalta agus eile a scaipeadh ar phobal na Gaeilge fud fad na tíre. Peig .ie teideal an ardáin agus is lárphointe cuimsitheach é a scaipfidh eolas faoi folúntais poist chomh maith. Tháinig PEIG.ie beo ar líne agus i bhfoirm aip ios agus android ar an gcéad lá de mhí Eanair, agus is féidir le daoine teacht ar an eolas ar fad mar gheall ar imeachtaí, ranganna, féilte srl ar PEIG.ie chomh maith le nuacht ó na meáin ar fad faoin nGaeilge agus faoin nGaeltacht ach go háirithe. Tá an aip iontach úsáideach toisc go mbeidh fáil ar na himeachtaí atá gar do dhaoine cibé áit ina bhfuilid. Déantar imeachtaí de gach aon tsaghas a chlárú agus mar sin beidh anchuid eolais suas chun dáta ar an suíomh i gcónaí. Mar sin bí ar an eolas an bhliain úr seo faoi gach atá ar siúl i saol na Gaeilge pé áit a bheidh do thriail. Saol na Gaeilge, bí páirteach.

ilmheáin	multimedia
cruthaithe	created
scaipeadh	sharing
imeachtaí	activities
úsáideach	useful
suíomh	site

Glór Cheatharlach

Caint agus Comhrá na hAthbhliana

Tugann Glór Cheatharlach cuireadh do dhaoine nua a bheith ag caint agus ag comhrá linn i gcaitheamh na hAthbhliana. Tá na Ciorcail Chomhrá ag filleadh ar ais an tseachtain seo tar éis bhriseadh na Nollag agus beidh spás ann do chách. Bígí linn amárach, 7ú Eanair agus gach Céadaoin ó 10.30-11.30 ar maidin don chiorcal seachtainiúil i Músaem Cheatharlach ar Shráid an Choláiste. Fillfidh an Ciorcal Gaeilge míosúil "Gaeilge Le Chéile" ar ais don bhliain nua an tseachtain seo chomh maith nuair a bhaileoidh grúpa le chéile ar an Déardaoin, 8ú Eanair i dteach tábhairne Reddys ag 9.00i.n. Cuirtear fáilte roimh chainteoirí líofa, fhoghlaimeoirí agus iad siúd ar chúpla focal. Rún nua don athbhliain, tagaigí agus bígí ag caint agus ag comhrá linn.

Gluais:	Glossary:
cuireadh	invitation
i gcaitheamh	during
filleadh	return
seachtainiúil	weekly
míosúil	monthly
tábhairne	pub
comhrá	conversation

Sean-Nós ach Rún Nua do 2015

Agus deireadh tagtha le séasúr na Nollag agus b'fhéidir níos mó meáchain á iompair ag chuile dhuine tar éis an cheiliúrtha go léir, tá deis iontach agus taitneamhach ar fáil anois chun fáil réidh leis na puint breise trí steipeanna sa rince sean-nóis a fhoghlaim! Toisc mór-éilimh agus íomhá spleodrach an tsean-nóis de bharr cláracha teilifíse cosúil le Jig Gig agus Steip cuirfear tús le sraith nua de ranganna rince i gCeatharlach. Is rince traidisiúnta é an sean-nós a bhaineann leis na réigiúin Gaeltachta go háirithe ach atá ag scaipeadh agus ag leathnú amach mór thimpeall na tíre le roinnt blianana anuas.

Tá Glór Cheatharlach ag reachtáil cúrsa nua sé seachtainí sa Chlub Iománaíochta Bhaile Cheatharlach ar oícheanta Mháirt le tosnú ar an 20ú Eanáir. 'Sí an sár-rinceoir Irene Cunningham as Gaillimh a bheidh i mbun teagaisc. Tá clú agus cáil ar Irene mar rinceoir agus teagascóir ní hamháin ar fud an domhain ach i gCeatharlach chomh maith tar éis di an sean-nós a mhúineadh anseo le trí bliana anuas. Beidh ranganna go speisialta do pháistí ag 5.00i.n. gach seachtain chomh maith le leibhéil éagsúla chun freastal ar dhaoine fásta ó thosaitheoirí go feabhasóirí araon. Beidh an rang do thosaitheoirí ag 6.00i.n. agus an meán leibhéal ag 7.00i.n. An táille don chúrsa iomlán ná €30 do dhaoine fásta agus €15 do dhaoine óga. Is féidir gach eolas a fháil agus clárú don chúrsa anois le Glór Cheatharlach ar 087 2857048, 085 1340047 nó eolas@glorcheatharlach.ie .

Sean-nós an stíl damhsa ach rún nua don Bhliain Nua. Mar sin bígí linn agus bígí ag damhsa!

Gluais:	Glossary:
meáchan	weight
rún	resolution
íomhá	image
ag scaipeadh	spreading
ag reachtáil	organising
rinceoir	dancer
tosaitheoirí	beginners
feabhasóirí	improvers
táille	fee

Irene Cunningham ag múineadh céimeanna sa Sean-Nós do pháistí

Welcome to the digital edition of the The Nationalist

The e-edition is an exact replica of our printed paper. It's a digital reproduction of the newspaper

Each e-edition comes complete including every photograph, advertisement and news articles. There is no need to download software and you can access your e-edition anytime, anywhere you are.

Simply sign up today at

www.carlow-nationalist.ie
and start search and navigating the paper using your web browser.

www.carlow-nationalist.ie